Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/90059

22.8.2024

**Ceartúchán Fógra Comórtais Oscailte EPSO/AST/156/24 – Cúntóirí teanga (AST 3) sna réimsí seo a leanas: 1. Bainistiú airgeadais 2. Cuntasaíocht agus státchiste 3. Soláthar poiblí**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C, C/2024/4525, an 25 Iúil 2024)*

(C/2024/90059)

Ar leathanach 7, Roinn 5:

*in ionad:* ‘5. COMHDHEISEANNA AGUS SOCRUITHE RÉASÚNTA

Déanann EPSO a dhícheall a chinntiú go bhfuil comhdheiseanna ag na hiarrthóirí uile.

Na hiarrthóirí atá faoi mhíchumas nó a bhféadfadh an riocht sláinte ina bhfuil siad bac a chur orthu na trialacha a dhéanamh, ba cheart dóibh é sin a lua san fhoirm iarratais agus na céimeanna a leanúint chun socruithe réasúnta a iarraidh, de réir an chur síos sna Rialacha Ginearálta atá i gceangal leis an bhfógra seo (féach Iarscríbhinn I, faoi roinn 1.3). Tar éis do EPSO iarraidh na n-iarrthóirí agus na doiciméid tacaíochta ábhartha a scrúdú, féadfaidh sé socrú réasúnta a thabhairt má mheastar go bhfuil gá leis.

Tá tuilleadh eolais faoi bheartas comhdheiseanna EPSO agus faoi conas socruithe réasúnta a iarraidh ar shuíomh gréasáin EPSO ([6]).’.

*léitear:* ‘5. COMHDHEISEANNA AGUS SOCRUITHE RÉASÚNTA

Déanann EPSO a dhícheall a áirithiú go mbíonn comhdheiseanna ag na hiarrthóirí uile.

Iarrthóirí atá faoi mhíchumas nó a bhféadfadh an riocht sláinte ina bhfuil siad bac a chur orthu na trialacha a dhéanamh, ba cheart dóibh an méid sin a lua ar an bhfoirm iarratais agus na céimeanna a leanúint chun socruithe réasúnta a iarraidh, mar a shainítear ar shuíomh gréasáin EPSO (6). Tar éis do EPSO ([6]) iarratas na n-iarrthóirí agus na doiciméid tacaíochta ábhartha a scrúdú, féadfaidh sé socruithe réasúnta a thabhairt má mheastar go bhfuil gá leis.’.